An Roinn Oideachais agus Scileanna

Department of Education and Skills

Cigireacht Ábhair ar an nGaeilge
TUAIRISC

Saint Brendan's Community School
Birr, County Offaly
Uimhir rolla: 91491L

Dáta na cigireachta: 30 Meán Fómhair 2011

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

TUAIRISC
AR
CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC SA GHAEILGE

EOLAS MAIDIR LEIS AN GCIGIREACHT

Dátaí na cigireachta	29 agus 30 Meán Fómhair 2011
Na gníomhaíochtaí cigireachta ar tugadh fúthu • Athbhreithniú ar cháipéisí ábhartha • Cruinnithe le roinn na Gaeilge agus leis an bpríomhoide agus leis an bpríomhoide tánaisteach • Breathnú ar theagasc agus ar fhoghlaim i rith seacht dtréimhse ranga	• Idirghníomhaíocht leis na scoláirí • Athbhreithniú ar shamplaí d'obair na scoláirí agus ar shamplaí dá ndialanna scoile • Aiseolas do mhúinteoirí aonair • Aiseolas do roinn na Gaeilge, don phríomhoide agus don phríomhoide tánaisteach

PRÍOMHCHINNTÍ

- Bhí éagsúlacht i gcáilíocht an teagaisc agus na foghlama le roinnt ranganna an-mhaith agus roinnt eile fós lag.
- Tá an-chomhoibriú idir na múinteoirí agus leibhéal an-mhaith comhphleanála don ábhar agus don mheasúnú.
- Ní i ngach cás a dhéantar obair scríofa na scoláirí a cheartú go rialta.
- Cuimsíonn polasaí measúnaithe na roinne na príomhscileanna teanga.

PRÍOMH-MHOLTAÍ

- Pleanáil ar leith a dhéanamh d'úsáid theicneolaíocht na faisnéise agus cumarsáide mar uirlis fhoghlama do na scoláirí agus dá comhtháthú leis na modhanna eile a úsáidtear.
- An ceistiúchán agus tascanna ranga agus obair bhaile a úsáid chun tacú le difreáil na foghlama agus leis an bhforbairt ar scileanna ardoird smaointeoireachta na scoláirí.
- Na torthaí foghlama a mbeifí ag súil leo ag leibhéil agus ag céimeanna difriúla san fhoghlaim a shainiú sna pleananna do na bliainghrúpaí difriúla. Rinneadh an moladh seo cheana sa Mheastóireacht Scoile Uile in 2007.

RÉAMHRÁ

Iarbhunscoil comhoideachais is ea Saint Brendan's Community School. Is í seo an t-aon scoil iarbhunoideachais atá i mBiorra. Tá 880 scoláire rollaithe sa scoile. Soláthraítear clár na hIdirbhliana ar bhonn roghnach. Rinneadh Meastóireacht Scoile Uile (MSU) ar an scoil in 2007.

TEAGASC AGUS FOGHLAIM

- Bhí éagsúlacht i gcáilíocht an teagaisc agus na foghlama le roinnt ranganna an-mhaithe agus roinnt eile fós lag.
- Bhí struchtúr an-mhaith agus luas oiriúnach leis na ceachtanna agus úsáideadh réimse an-oiriúnach de mhodhanna agus de straitéisí a spreag agus a thacaigh le rannpháirtíocht ghníomhach na scoláirí ina gcuid foghlama in os cionn leath de na ranganna.
- Úsáideadh an Ghaeilge mar mheán teagaisc agus cumarsáide sna ranganna ar fad. Ba léir i gcás an mhionlaigh go raibh sé de nós dul i muinín an aistriúcháin nuair a d'fhéadfaí straitéisí eile a úsáid ina áit a rachadh níos mó chun tairbhe na scoláirí i sealbhú na teanga.
- Roinneadh na torthaí foghlama a rabhthas ag súil leo leis na scoláirí in os cionn leath de na raganna. Moltar, mar a rinneadh sa tuairisc MSU in 2007, an dea-chleachtas seo a leathnú agus deis a thabhairt do na scoláirí machnamh ar a mbeadh foghlamtha ag deireadh ranga.
- Úsáideadh ceistiúchán i ngach rang chun dul chun cinn na foghlama a mheas. Moltar cur le réimse na gceisteanna ionas go bhfreastalódh siad níos fearr ar fhorbairt scileanna ardoird smaointeaoireachta na scoláirí agus taithí a thabhairt dóibh ar struchtúir níos casta a úsáid ina bhfreagraí. Ina theannta sin, agus go ginearálta, moltar am a thabhairt do na scoláirí chun ceisteanna ó bhéal a fhreagairt.
- Tugadh obair bhaile i mbeagnach gach rang agus bhí dúshláin chuí ann do scoláirí i gcásanna áirithe. Chun tacú le hobair na ranganna agus dul chun cinn na foghlama, moltar difreáil a dhéanamh ar na tascanna a tugtar don obair bhaile.
- I roinnt de na ranganna ba léir scileanna piarmheasúnaithe agus féinmheasúnaithe na scoláirí a bheith á bhforbairt. Moltar na cleachtais seo a leathnú.
- Bhí ord agus eagar an-mhaith ar chóipleabhair agus ar obair scríofa na scoláirí in os cionn leath de na ranganna.
- Ní i ngach cás a dhéantar obair scríofa na scoláirí a cheartú go rialta. Bhain an cleachtas ab fhearr leis na ceartúcháin sin a bhí bunaithe ar an measúnú chun foghlama.

SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE

- Tá soláthar maith ama ar fáil don Ghaeilge sna cláir dhifriúla agus tá dáileadh na dtréimhsí ranga le linn na seachtaine sásúil.
- Tá socruithe oiriúnacha i bhfeidhm a thacaíonn leis na scoláirí tabhairt faoin ábhar ag an ardleibhéal sna scrúduithe teistiméireachta. Ina theannta sin cuirtear deiseanna ar fáil do scoláirí a bhfuil díolúine acu staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge.

- Soláthraítear réimse maith de ghíomhaíochtaí comh-churaclaim agus seach-churaclaim, comórtais áitiúla agus náisiúnta díospóireachta san áireamh, chun cur le taithí na scoláirí ar úsáid na teanga.
- Cuimsíonn polasaí measúnaithe na roinne na príomhscileanna teanga. Moltar go gcuimseodh an polasaí an obair bhaile agus mar chuid de seo go gcomhaontódh na múinteoirí Gaeilge cur chuige do cheartú obair na scoláirí a bheadh bunaithe ar an measúnú chun foghlama.
- Tá tús curtha leis an gcleachtas d'anailís a dhéanamh ar ghnóthachtálacha na scoláirí sna scrúduithe teistiméireacht. Moltar é seo a bheith mar ghnáthchleachtas i gcás na scrúduithe tí agus stáit agus cuntas ar thorthaí na hanailíse a choimeád i bplean an ábhair.
- Áiríodh díolúine ó staidéar na Gaeilge le dó dhéag faoin gcéad de mhóriomlán an rollacháin, céadatán atá réasúnta ard. Moltar don bhainistíocht súil a choimeád ar threochtaí sa réimse seo.

PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN

- Déantar comhordaitheoireacht éifeachtach ar obair roinn na Gaeilge. Tá sé de dhea-chleachtas ag na múinteoirí uainíocht a dhéanamh ar a chéile sa ról. Moltar gan dul thar trí bliana in aon tréarma sa ról.
- Ar mhaithe le forbairt an ábhair a stiúradh moltar go n-aontófaí spriocanna forbartha ar leith don ábhar i gcás gach téarma comhordaitheoireachta, go n-ullmhófaí plean gníomhaíochta agus go ndéanfaí monatóireacht agus athbhreithniú rialta air mar chuid den obair phleanála don Ghaeilge.
- Tá an-chomhoibriú idir na múinteoirí agus leibhéal an-mhaith comhphleanála don ábhar agus don mheasúnú.
- Bhain cáilíocht mhaith leis an bplean don ábhar agus tá pleananna fadtéarmacha agus gearrthéarmacha forbartha do na bliainghrúpaí difriúla. Chun na pleananna, plean na hIdirbhliana san áireamh, a nascadh níos dlúithe le riachtanais na scoláirí agus leis na siollabais, agus mar a moladh in 2007, moltar na torthaí foghlama a mbeifí ag súil leo ag céimeanna difriúla agus ag leibhéil dhifriúla a shainiú. Chabhródh sé seo treoir a sholáthar do dhifreáil na foghlama, ionchais foghlama a ardú trasna na roinne, ullmhúchán do ranganna a stiúradh agus critéir a sholáthar don mheasúnú.
- Ba léir i gcás an mhionlaigh monatóireacht agus leasuithe dá réir a bheith á ndéanamh ar na pleananna. Is dea-chleachtas é seo.
- Moltar agus athbhreithniú á dhéanamh ar phlean na hIdirbhliana go dtabharfaí faoi ábhar a bheadh níos nuálaí agus a thabharfadh deis do na scoláirí ar dhul i ngleic le húsáid na Gaeilge lasmuigh de na réimsí traidisiúnta.
- Pléitear cur chuige teagaisc agus foghlama ag cruinnithe roinne. Tá scóip ann chun breis plé a dhéanamh ar na réimsí seo ar mhaithe le dea-chleachtais a chur i bhfeidhm ar bhonn roinne uile. Ina theannta sin, moltar gearr-chuntas ar na cleachtais a úsáidtear sna ranganna a chur ar fáil sa chuid sin den phlean a bhaineann le modheolaíochtaí.

- I bhfianaise na bhforbairtí atá á ndéanamh sa scoil maidir le soláthar leis an teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, moltar pleanáil chúramach a dhéanamh dá úsáid mar uirlis a thacóidh le foghlaim na scoláirí agus mar is féidir leas a bhaint as chun forbairt, stóráil, roinnt agus rochtain acmhainní a éascú, pleananna na roinne don ábhar san áireamh.
- Mar chuid d'obair ghinearálta na roinne, ní mór pleanáil a dhéanamh chun tacú le plean litearthachta agus uimhearthachta na scoile i gcomhthéacs na Straitéise Náisiúnta.
- Bhí pleanáil agus ullmhúchán an-mhaith déanta do ranganna aonair i roinnt cásanna a thug san áireamh an méid ama a bhí ar fáil don rang, cumas na scoláirí, roghnú acmhainní oiriúnacha agus téacsanna dílse.
- I gcásanna áirithe bhí cleachtais i leith na dtaifead ar ghnóthachtálacha na scoláirí an-mhaith. Moltar na marcanna a bhronntar ar labhairt na Gaeilge a bheith soiléir i ndialann gach múinteora.

Ag deireadh na meastóireachta, pléadh dréachtchinntí agus dréachtmholtaí na meastóireachta seo leis an bpríomhoide, príomhoide tánaisteach agus leis na múinteoirí ábhair. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn, agus beidh freagra an bhoird ar fáil san aguisín atá leis an tuairisc seo.

Foilsithe Samhain 2012

Aguisín

FREAGRA NA SCOILE AR AN TUAIRISC

Arna chur isteach ag an Bord Bainistíochta

Réimse 1: Tuairimí ar ábhar na tuairisce scoile

The board of management would like to acknowledge the work of the Irish department and to affirm the many positive aspects of practice highlighted in the report. The board of management welcomes the recommendations of the report and is confident of the on-going commitment of the Irish department to achieving positive learning outcomes.

The board of management are pleased that the Inspectorate commended:-

1. The quality of teaching and learning.
2. The supportive learning (environment) atmosphere
3. Co-operation among teachers and collaborative planning,
4. The use of Irish in all classes.
5. Commitment to extra-curricular activities.

Réimse 2: Gníomhartha leantacha a rinneadh nó atá beartaithe le déanamh ó cuireadh críoch leis an ngníomhaíocht chigireachta chun tátail agus moltaí na cigireachta a chur i bhfeidhm

1. We will continue to build on the practices of differentiation/ assessment of/ for learning.
2. We have streamlined a uniform approach to homework in so far as possible – room for individual teacher methodology.
3. We have updated our homework policy
4. Recommendations for ICT have all been implemented.
5. Exemptions: Many students studying Irish are exempt.